AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

# FÁS AGUS FORBAIRT
## PLEAN STRAITÉISEACH

---

**2008 – 2011**

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

**EOLAS BREISE**

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Cill Dara

Guthán
LóGhlao **1890 224 224**
nó **+353 1 651 7900**

Facs
**+353 1 651 7901**

R-phost
**eolas@oide.ie**

**www.oide.ie**

# Clár

**Réamhfhocal** ..... 4

**Túsfhocal** ..... 5

**Fís agus Misean** ..... 6

**Anailís Imshaoil** ..... 7

**Spriocanna** ..... 11

**Spriocanna, Cuspóirí agus Straitéisí**

1. An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn ..... 12
2. Caighdeáin agus cumais mhúinteoireachta a chothabháil agus a fhorbairt mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Stát. ..... 13
3. Gairm na múinteoireachta a rialú ..... 14
4. Eagraíocht éifeachtach agus éifeactúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle ..... 15

**Aguisín: Struchtúr na gCoistí** ..... 16



# Réamhfhocal

A Chairde,

Is cúis áthais dom *Fás agus Forbairt 2008-2011* a chur i bhúr láthair. Is maith mar a oireann an teideal toisc go mbeidh treoir le fáil ón bplean seo don tréimhse trí bliana atá le teacht nuair a bheidh an Chomhairle ag gluaiseacht ó thréimhse bunaidh go tréimhse fáis agus forbartha. Beidh sé mar léarscáil againn agus sinn ag cur an stiúir is fearr ar ár ngnóthaí ar mhaithe le gairm na múinteoireachta agus, i ndeireadh báire, ar mhaithe lenár ndaoine óga.

Thug an obair a bhain le dréachtadh *Fás agus Forbairt 2008-2011* deis do bhaill na Comhairle machnamh a dhéanamh ar an bhfreagracht atá orthu an mhúinteoireacht a rialú, í a chur chun cinn mar ghairm agus forbairt ghairmiúil mhúinteoirí a chur chun cinn. Thug an próiseas seo spreagadh dúinn díriú athuair le díogras athnuaite ar an ngnó atá romhainn agus sinn ag tabhairt faoi Chomhairle agus faoi fhoireann comhtháite agus sprioc-dhírithe a fhorbairt. Beidh an plean mar threoirphointe ag ár gcuid oibre agus, le tréimhse reatha na Comhairle ag druidim chun deiridh, cuideoidh sé le leanúnachas a chruthú don Chomhairle nua a bheidh ag teacht i bhfeidhm i mí Márta 2009.

Clúdaítear sa phlean seo na spriocanna, cuspóirí agus straitéisí ar mian leis an gComhairle a chur i gcrích le linn tréimhse an phlean. Bhí an Chomhairle airdeallach go gcaithfeadh na spriocanna a aithneofaí a bheith insroichte laistigh d'achar réalaíoch ama. Thuig an Chomhairle freisin go gcaithfí solúbthacht a bheith mar chuid den leagan amach ar *Fás agus Forbairt 2008-2011* toisc go bhféadfadh athruithe tarlú i ngairm na múinteoireachta agus sa chóras oideachais a éileodh athrú treo le linn tréimhse an phlean.

Thar cheann na Comhairle, tugaim cuireadh duit *Fás agus Forbairt* a léamh agus aird a dhíriú ar na réimsí ar leith sin gur mhaith leat tuairim nó moltaí a chur chun cinn futhu. Bíodh an plean seo mar threoir againn, agus sinn ag obair i dteannta a chéile, chun toradh rathúil a bheith air.

Joan Ward

Joan Ward, Cathaoirleach

# Túsfhocal



A Chairde,

Tháinig an Chomhairle Mhúinteoireachta le chéile don chéad uair i mí Feabhra 2005 agus bunaíodh í ar bhonn reachtúil i mí Márta 2006. Sna blianta ó mhí Feabhra 2005 i leith, tugadh faoi obair na Comhairle a phleanáil agus a chur i bhfeidhm de réir Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Beidh stiúir le fáil ag an gComhairle ó *Fás agus Forbairt* agus í ag leanacht leis an Acht a chur i bhfeidhm sna trí bliana atá romhainn. Is doiciméad tábhachtach agus suntasach é seo a thabharfaidh deis don Chomhairle a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí thógáil ar an obair atá déanta cheana féin.

Cuireadh *Fás agus Forbairt* le chéile de réir na riachtanas don phleanáil straitéiseach agus chorparáideach mar atá sa Chód Cleachtais um Rialú Eagraíochta Stáit. Beidh tionchar mór aige seo ar acmhainní a dháileadh don tréimhse trí bliana atá le teacht. Rud níos tábhachtaí ná sin, cuirfidh sé múinteoirí, pobal an oideachais agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi na spriocanna, na cuspóirí agus na straitéisí atá ag an gComhairle chun a feidhmeanna a chur i gcrích.

Tosaíodh an próiseas ar *Fás agus Forbairt* a chur i gcrích trí anailís a dhéanamh ar an imshaol laistigh agus lasmuigh ina bhfeidhmíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta. Bhain an anailís seo le príomhdheiseanna agus príomhdhúshláin a aithint ar a n-áirítear na comhthéacsanna reachtúla, rialaithe agus oideachasúla ina mbíonn an Chomhairle ag feidhmiú. Bhí tréimhse comhairliúcháin mar chuid den phróiseas seo agus tugadh suntas sa doiciméad don aischothú luachmhar a bhí le fáil ag cruinnithe Comhairle agus Coistí agus ag cruinniú comhairleach a tionóladh leis na páirtnéirí oideachas i mí Feabhra 2008.

Tosaíonn an doiciméad seo, de réir an chleachtais is fearr, le ráitis físe agus misin na Comhairle. Leanann uaidh seo na spriocanna a dhéanann cur síos, go ginearálta, ar a dteastaíonn ón gComhairle a bhaint amach. Is ó na spriocanna a eascraíonn na cuspóirí atá leagtha síos, agus iad seo mar chur síos níos sainiúla ar na nithe is gá don Chomhairle a dhéanamh chun na spriocanna aitheanta a bhaint amach. Déantar cur síos ar na straitéisí i bhfoirm pleananna, polasaithe agus an cur chuige a bheidh ag an gComhairle chun a cuspóirí a bhaint amach. Cuirfear na straitéisí seo i bhfeidhm trí phleananna oibre bliantúla ina mbeidh príomhghníomhaíochtaí agus príomhthascanna.

Cuirfidh an Chomhairle tuairisc ar fáil gach bliain le linn tréimhse an phlean, ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na hoibre, agus beidh cur síos anseo ar a mbeidh bainte amach gach bliain ó 28 Márta 2008 ar aghaidh. Déanfar cur síos ar an dul chun cinn taobh le taobh leis na spriocanna a bhíonn luaite sna pleananna oibre bliantúla.

Is mian liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo siúd uile a bhí páirteach i bpróiseas forbartha an phlean. Tá buíochas ag dul go speisialta do na heagrais a bhfuil ballraíocht acu ar an gComhairle, agus iad siúd a chuir tuairimí fiúntacha ar fáil ag an tréimhse comhairliúcháin. Beidh mé ag tnúth le bheith ag obair i gcomhpháirtnéireacht le pobal ghairm na múinteoireachta agus le mórphobal an oideachais chun obair na Comhairle a chur chun cinn le linn tréimhse an phlean.

Áine Lawlor, Stiúrthóir

## Fís

Beidh an Chomhairle Mhúinteoireachta lárnach sa teagasc agus sa bhfoghlaim, agus í ag cothú, ag tacú agus ag rialú gairm na múinteoireachta.

Beidh sí ag freastal ar bharrmhaitheas an oideachais, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile, trí fheidhmiú don ghairm mar ghuth údarásach, a bhfuil meas uirthi, agus mar chaomhnóir ar chaighdeáin na múinteoireachta, ionas go mbainfear barrchleachtas amach ag gach pointe de chontanam oiliúna an mhúinteora.

## Misean

Díríonn an Chomhairle Mhúinteoireachta ar na caighdeáin is airde i dteagasc, i bhfoghlaim agus in iompar gairmiúil a chur chun cinn agus a chothabháil in ár scoileanna.

# Anailís Imshaoil

Thosaigh an próiseas ar dhréachtadh an cháipéis seo trí anailís a dhéanamh ar an timpeallacht laistigh agus lasmuigh ina mbíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta ag feidhmiú. Leanann anseo achoimre ar na príomhghnéithe a d'eascair mar chuid den phróiseas sin.

## An Timpeallacht Laistigh

### Struchtúr na Comhairle

Tá an 37 ball den Chomhairle ionadaíoch ar pháirtnéirí an oideachais ag an leibhéal náisiúnta agus cuireann an taithí agus an saineolas ardleibhéil atá acu lena ról mar stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin ar an gComhairle. Cuidíonn sé seo leis an bplé ag cruinnithe a shaibhriú agus leis na próisis a bhaineann le polasaithe a dhréachtadh.

Is trí struchtúr coistí a déantar mórchuid d'obair na Comhairle a reachtáil. De réir mar a bhíonn an Chomhairle ag forbairt mar eagraíocht déanfar athbhreithniú ar struchtúr na gcoistí agus déanfar athruithe de réir mar is gá lena dheimhniú go gcuirtear an struchtúr is fearr ar fáil do reachtáil éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle.

Tiocfaidh deireadh le téarma oifige bhaill reatha na Comhairle ag deireadh mhí Márta 2009 agus déanfar Comhairle nua a cheapadh ag an am sin. Beidh sé mar phríomhdhúshlán ag an gComhairle a dheimhniú gur go réidh leanúnach a tharlaíonn an t-aistriú ón gcéad Chomhairle go dtí an dara Comhairle. Cuideoidh an plean straitéiseach seo leis an gComhairle an dúshlán sin a shárú.

### Foireann na Comhairle

Maidir leis an bhfoireann, tá faomhadh na bpost faoi réir ag ceadú na Roinne Airgeadais. Go dtí seo, bhí trí mhór-thréimhse earcaíochta, i 2005, 2006 agus 2007 faoi seach. Ag gach staid, ceadaíodh líon agus gráid na bpostanna a éilíodh agus tá foireann ardchumasach, a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí chuí acu, earcaithe ag an gComhairle.

Faoi láthair, tá faomhadh tugtha do líon foirne 28.5 a thacaíonn le hobair na Comhairle faoi chinnireacht Stiúrthóir na Comhairle. Cuideoidh an plean seo leis an bhfoireann na hacmhainní atá acu a eagrú go héifeachtach ar mhaithe leis na dúshláin atá rompu a bhaint amach. Nuair a thiocfaidh méadú ar obair na Comhairle déanfar athbhreithniú ar an soláthar foirne agus cuirfear postanna breise ar fáil de réir mar is gá. Is dócha go mbeidh sé riachtanach postanna a chruthú i sainréimsí áirithe nuair a thiocfaidh forbairt ar réimsí ar nós an Oiriúntacht don Mhúinteoireacht, an taighde agus réamhsheiceáil an Gharda Síochána.

### Maoiniú

Rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar an gComhairle go dtí mí Márta 2008 mar atá dlite sa reachtaíocht. Tá an Chomhairle anois ag feidhmiú go féin-mhaoinitheach ó tháillí na múinteoirí a bhíonn ag athnuachan a gclárúchán go bliantúil. Bhí an t-aistriú ó mhaoiniú rialtais go comhlacht féin-mhaoinithe faoi thionchar ag dáta feidhmithe an táille.

### Príomh Éachtaí na Comhairle go dtí seo

Bhí bunú Chlár na Múinteoirí mar phríomh fhócas oibre go dtí seo agus tá an obair seo tugtha chun críche anois ag an gComhairle. Ó 2008 ar aghaidh, athróidh an bhéim ó bhunú go cothabháil leanúnach an Chláir agus déanfar an clár a fhorbairt mar fhoinse luachmhar eolais.

Tá Rialacha Clárúcháin dréachtaithe ag an gComhairle chun an próiseas rialacháin a rialú. Tá na rialacha seo curtha faoi bhráid an Aire chun faomhadh a fháil dóibh.

Mar chuid den phróiseas a bhain le múinteoirí a chlárú don chéad uair, thoiligh an Chomhairle

Mhúinteoireachta feidhmiú mar chomhlacht údarásach don réamhsheiceáil ar mhúinteoirí nuachláraithe. Tá suntas ar leith tugtha go náisiúnta le cúpla mí anuas do ghnéith réamhsheiceála an Gharda Síochána.

Céim mhór chun tosaigh a bhí sa bhforbairt ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, toradh a lean próiseas comhairliúcháin le múinteoirí agus le pairtnéirí uile an oideachais. Tá siad seo curtha ar fáil go forleathan agus tá an próiseas úinéireachta ar na Cóid ar bun faoi láthair. Le linn tréimhse an phlean seo, tabharfaidh an Chomhairle faoi na Cóid a athbhreithniú go náisiúnta agus faoi na Cóid athbhreithnithe sin a fhoilsiú.

## Córais agus Próisis Oibríochta

Tá an Chomhairle ag díriú go leanúnach ar na príomhfheidhmeanna atá leagtha síos ag an Acht agus bíonn sí airdeallach freisin faoin ngá a bhíonn ann eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a riaradh agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Chuige seo tá córas éifeachtach do bhainistíocht airgeadais curtha i bhfeidhm agus tá forbairt déanta ar straitéisí teicneolaíochta agus cumarsáide. Leanfaidh an Chomhairle de réir a chéile ar na próisis agus na córais a athbhreithniú ionas go ndéanfar deimhin de go mbíonn lánéifeacht ag baint leo.

## Clabhsúr

Tá mór-raon agus mórualach oibre a éilíonn an-chuid ama idir lámha ag an gComhairle. Is mó éileamh a eascraíonn do bhaill aonair na Comhairle, agus iad ag feidhmiú go deonach. Tá na héilimh oibre ar bhaill foirne chomh trom céanna.

Tugann an Anailís Inmheánach, áfach, léargas ar thimpeallacht fábharach ina bhfuil obair na Comhairle ag bláthú.

## An Timpeallacht Lasmuigh

### Pairtnéireachtaí le hEagraíochtaí Seachtracha

Tá caidrimh éifeachtacha oibre bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta le raon eagraíochtaí agus daoine aonair ar mhaithe lena cuid oibre a chur chun cinn. Bíonn an Chomhairle ag oibriú go dlúth leis na páirtithe a bhfuil ionadaíocht acu ar an gComhairle, leis na Comhairlí Ginearálta Oideachais i dTuaisceart na hÉireann, in Albainn, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus freisin le heagraíochtaí gairmiúla eile in Éirinn ar nós Comhairle na nDochtúirí Leighis, An Bord Altranais and Innealtóirí na hÉireann, gach ceann acu a chuidigh leis an gComhairle agus í ag tosú.

### Dearcadh an Phobail ar an gComhairle

Tá suntas tugtha ag páirtnéirí an oideachais do thionchar na Comhairle ar ghnóthaí oideachais. Go deimhin, déantar tagairt don Chomhairle ag formhór na gcomhdhálacha oideachais toisc go dtuigtear go dtéann sí i bhfeidhm ar gach gnéith den mhúinteoireacht mar ghairm. Mar sin féin tá a lán oibre le déanamh go fóill ag an gComhairle maidir lena sainaitheantas a chur i bhfeidhm ar na príomhghrúpaí agus ní mór dul i ngleic leis an bhfadhb seo gan aon ró-mhoill le linn tréimhse an phlean. Thar aon ní eile, beidh gá na múinteoirí féin a mhealladh chun úinéireacht a ghlacadh ar an gComhairle agus chun teagmháil a bheith acu léi.

### Ról Chomhlachtaí Riaracháin

Le blianta beaga anuas, tá forbairt agus athrú ag teacht ar ról agus ar chomhdhéanamh chomhlachtaí riaracháin. Sa chomhthéacs oibre seo, beidh sé mar phríomhdhúshlán ag an gComhairle Mhúinteoireachta muinín an phobail a thuilleamh agus léiriú a thabhairt go bhfuil ar a cumas a féin-rialúchán a láimhseáil go honórach.

### An Comhthéacs Reachtaíochta

Mar gníomhaireacht reachtúil, tá an Chomhairle faoi réir réimse leathan de reachtaíocht agus déanfar cinnte go gcloífidh sí le gach reachtaíocht ábhartha.

Tá Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001, mar reachtaíocht bhunaidh agus mar bhuntreoir oibre ag an gComhairle. Tá castacht ag baint leis an uirlis reachtaíochta, agus tá dúshlán agus riar trom acmhainní ag baint lena cur i bhfeidhm. Níor cuireadh i bhfeidhm go fóill na codanna sin den Acht a bhaineann le contanam an oideachais do mhúinteoirí, le hOiriúntacht don Mhúinteoireacht agus leis an gclárúchán mar réamhriachtanas don íocaíocht ar fhostaíocht mar mhúinteoir.

Maidir le hoideachas mhúinteoirí, ag gach céim den ghairm, leagtar mórfheidhmeanna ar an gComhairle ina leith seo. Chun cuidiú le treoir a chur ar an obair seo, tá tús curtha le próiseas ar dhréachtpháipéar a ullmhú faoin gcontanam in oideachas mhúinteoirí agus faoi straitéis athbhreithnithe a cheapadh do na cláir réamhseirbhíse oideachais. Le linn tréimhse an phlean seo, táthar ag súil go n-aontófar an Páipéar polasaí agus go gcuirfear tús leis an straitéis athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Maidir le hOiriúntacht don Teagasc, cé nár cuireadh tús go fóill leis na codanna seo den Acht, tá fuadar faoin gComhairle maidir le hullmhú dá cúram sa ghnó seo trí thaighde a dhéanamh ar an mbarrchleachtas i ndlínsí eile agus in eagraíochtaí gairmiúla eile.

Tá sé dlite in Alt 30 d’Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001 nach féidir ach múinteoirí cáilithe a íoc ó chistí an Stáit dá bhfostaíocht mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta. Tuigtear go gcuirfear tús leis an gcuid seo den Acht níos déanaí i mbliana agus tá sé mar phríomhchúram ag an

gComhairle, ag an bpointe seo, múinteoirí a chur ar an eolas faoi seo ionas gur féidir leo iad féin a chlárú roimh fheidhmiú an ailt seo, más mian leo sin.

A luaithe agus a cuirtear tús leis seo, cruthóidh na codanna uile seo den Acht dúshláin agus deiseanna móra. Beidh an Chomhairle faoi threoir ag na hardchaighdeáin ar a bhfuil sí dírithe agus ar a dualgas i leith na gairme agus an phobail agus í á gcur i bhfeidhm.

## Timpeallacht an Oideachais

Bíonn an timpeallacht oideachais ina mbíonn múinteoirí ag feidhmiú ag athrú go gasta. Baineann a lán de na hathruithe le gnéithe córasacha i gcomhthéacs an oideachais a bhaineann le reachtaíocht, le pátrúnacht scoileanna, le polasaithe agus le curaclaim. Baineann a lán de na hathruithe san oideachas le hathruithe a tharla le déanaí sa sochaí-cultúrtha agus beidh impleachtaí acu seo d'obair na Comhairle Múinteoireachta, go háirithe maidir le hoiliúint mhúinteoirí. Tá gnéithe eile a chruthaíonn athruithe freisin ar nós rialachán agus treochtaí AE maidir le haitheantas do cháilíochtaí agus do shoghluaiseacht mhúinteoirí.

## Dearcaidh ar an Mhúinteoireacht

Tá sé mar thraidisiún go mbíonn dearcadh dearfach ag an bpobal i leith ghairm na múinteoireachta agus tá léiriú le fáil ó shuirbhéanna le blianta beaga anuas go leantar leis an dearcadh go bhfuil an mhúinteoireacht mar cheann de na gairmeacha is mó a bhfuil meas ag an bpobal uirthi. Tá sé riachtanach go ndéanfadh an Chomhairle a leithéid a chothabháil agus a fhorbairt trí bholscaireacht a dhéanamh ar an múinteoireacht, trí mheas a fhorbairt agus trí chultúr a chruthú ina ndéantar ról mhúinteoirí maidir le daoine óga a ullmhú don saol a cheiliúradh.

## Soláthar Oidí

In Éirinn, leanann iarrathóirí fochéime agus iarchéime ardchumasacha ar spéis a léiriú sa mhúinteoireacht agus tá an Chomhairle dírithe ar a dheimhniú go leanfaidh a leithéid. Beidh sé mar phríomhdhúshlán ag an gComhairle a dheimhniú go mbíonn an soláthar oidí ar aon chéim leis na héilimh a bhíonn ag an gcóras orthu. Ceist shuntasach í seo, go háirithe maidir leis an soláthar is gá chun roinnt ábhar agus ceantar a shásamh.

Tá mórdheiseanna suntasacha ann chun an ghairm a leathnú. Ní mór don Chomhairle, mar shampla, aird a thabhairt ar an tslí ina ndéanfar daoine nach bhfuil an ionadaíocht chuí cheana féin acu sa ghairm a mhealladh chun na múinteoireachta, m.sh., fir, daoine ó cheantair aitheanta faoi mhíbhuntáiste agus baill de phobal na nua Éireannach.

## Clabhsúr

Léiríonn an Ainilís Lasmuigh timpeallacht seachtarach, dúshlánach a mbeidh tionchar suntasach ag teacht uirthi ó ról na Comhairle Múinteoireachta.

# Spriocanna

Tá cur síos sna leathanaigh a leanann ar na spriocanna, na cuspóirí agus na straitéisí don tréimhse 2008-2011 agus beidh siad seo mar bhunchloch do na pleananna oibre bliantúla le linn na tréimhse sin.

## Sprioc 1

An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn.

## Sprioc 2

Caighdeáin agus cumais mhúinteoireachta mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a chothabháil agus a fhorbairt.

## Sprioc 3

Gairm na múinteoireachta a rialú.

## Sprioc 4

Eagraíocht éifeachtach agus éifeactúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle Múinteoireachta.

# Sprioc 1

An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn.

| | Cuspóir | Straitéis |
|---|---|---|
| 1.1 | Ról lárnach an mhúinteora i bhforbairt iomlánaíoch an dalta a chur chun cinn. | Tionchar dearfach ghairm na múinteoireachta ar shochaí na hÉireann a chur in iúl.<br>Torthaí ábhartha taighde a chur ar fáil agus plé a thosú i measc an phobail ar ghnéithe a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. |
| 1.2 | Ionracas ghairm na múinteoireachta a dhearbhú agus aitheantas a thabhairt don ghairm i bhforbairt an daonlathachais, an cheartais shóisialta, an chomhionannais agus na cuimsitheachta. | Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a thugann léiriú ar na heiticí agus na croí luachanna a bhíonn mar bhunchloch le cleachtas agus iompar mhúinteoirí a chur chun cinn. |
| 1.3 | Cur le stádas agus le dearcadh an phobail i leith ghairm na múinteoireachta.<br>An mhúinteoireacht a chur chun cinn mar rogha gairme a bhíonn tarraingteach agus sásúil. | Léiriú a thabhairt ar obair mhúinteoirí agus, go háirithe, ar chastacht na múinteoireachta.<br>Torthaí ábhartha taighde a chur ar fáil agus plé a thosú i measc an phobail ar ghnéithe a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.<br>Dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí chun gairmthreo rathúil a dheimhniú do mhúinteoirí.<br>Teagmháil a dhéanamh:<br>• Leo siúd a bhfuil spéis acu sa mhúinteoireachta mar ghairm<br>• Le scoileanna, coláistí agus ollscoileanna<br>• Leis na meáin<br>• Leis an mhórphobal. |
| 1.4 | An Chomhairle a bhunú mar ghuth údarásach do ghairm na múinteoireachta agus mar ghuth fhéinrialaitheach, ionadaíoch a mbíonn tionchar aici ar ghnóthaí a bhaineann leis an mhúinteoireacht. | Caidrimh éifeachtacha a bhunú agus a chothabháil leis na páirtithe leasmhara trí chlár cumarsáide a chur i bhfeidhm.<br>Dul i gcomhairle le daoine, taighde a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí ar ghnóthaí oideachais. |
| 1.5 | Eolas a sholáthar, trí chlár dírithe taighde, d'obair na Comhairle i leith cur chun cinn ghairm na múinteoireachta. | Clár taighde a fhorbairt agus a chur i gcrích agus torthaí ábhartha taighde a chur ar fáil.<br>Athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar pholasaí taighde na Comhairle agus a dheimhniú go mbíonn na gníomhaíochtaí agus na polasaithe ag réiteach le torthaí na taighde. |

# Sprioc 2

Caighdeáin agus cumais mhúinteoireachta mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a chothabháil agus a fhorbairt.

| | Cuspóir | Straitéis |
|---|---|---|
| 2.1 | Caighdeáin, polasaithe agus nósanna imeachta a bhunú d'oiliúint mhúinteoirí ag gach tréimhse ar chontanam oideachais an mhúinteora. | Páipéar polasaí a dhréachtadh a leanfaidh taighde agus plé le páirtnéirí an oideachais, agus a dhéanfaidh cur síos ar fhís agus ar fhrámaíocht na Comhairle ag gach tréimhse ar chontanam oideachais an mhúinteora. |
| 2.2 | Cláir thosaigh oideachais do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú.<br><br>Na critéir ábhar a chur i bhfeidhm maidir le hoiriúntacht na gcúrsaí céime mar chlár oideachais do mhúinteoirí iarbhunscoile.<br><br>Na cáilíochtáí oideachais do rannóg an Bhreisoideachais a athbhreithniú. | Forbairt a dhéanamh, i gcomhpháirt le múinteoirí, leis an Aire agus le soláthróirí agus páirtnéirí oideachais eile, ar na critéir do phróisis an athbhreithnithe agus an chreidiúnaithe, agus suntas a thabhairt do na nithe seo a leanas:<br>• Taighde ábhartha<br>• Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí<br>• Na caighdeáin iontrála oideachais do chláir oiliúna mhúinteoirí agus<br>• Na caighdeáin, eolais, scileanna agus cumais is gá do chleachtas na múinteoireachta. |
| 2.3 | Cleachtais a bhunú tar éis dáta tosaithe an ailt ábhartha d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001, chun múinteoirí a ionduchtú i ngairm na múinteoireachta. | Dul i gcomhairle leis an dTionscnamh Píolótach Náisiúnta ar Ionduchtú Mhúinteoirí (Bunleibhal & Iarbhunleibhéal), taighde agus idirphlé cuí a dhéanamh, polasaithe a dhréachtadh agus a chur faoi bhráid an Aire. |
| 2.4 | Frámaíocht a chur le chéile d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil mhúinteoirí a leanfaidh dáta tosaithe an ailt ábhartha d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. | Taighde a dhéanamh agus frámaíocht chuimsitheach leanúnach don fhorbairt ghairmiúil a chruthú i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara.<br><br>Cláir a bhaineann le forbairt leanúnach ghairmiúil mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú.<br><br>Moltaí maidir le polasaithe a chur faoi bhráid an Aire. |
| 2.5 | Feasacht ar na bunatáistí a bhaineann leis an bhforbairt leanúnach ghairmiúil a ardú i measc ghairm na múinteoireachta, ábhar múinteoirí, páirtnéirí an oideachais agus an pobal i gcoitinne. | Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, le hábhair múinteoirí, le páirtnéirí an oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne ag na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, agus straitéisí cumarsáide éagsúla a úsáid chuige seo. |

# Sprioc 3

Gairm na múinteoireachta a rialú.

| | Cuspóir | Straitéis |
|---|---|---|
| 3.1 | An Chomhairle a bhunú mar rialtóir iontaofa agus mar chaomhnóir reachtúil ar chaighdeáin i ngairm na múinteoireachta | Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, le páirtnéirí an oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne agus na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí á gcur chun cinn.<br><br>Straitéis chuimsitheacha eolais agus comhairleach a chur i bhfeidhm sula dtosaíonn athbhreithniú na gCód i 2009.<br><br>Ullmhú do *Chuid 5 Oiriúntacht don Mhúinteoireacht* d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001, chun é a chur i bhfeidhm tar éis an dáta tosaithe. |
| 3.2 | Na riachtanais don cheadú ar Chlár na Múinteoirí a dheimhniú agus a fhoilsiú. | Rialacha an Chlárúcháin a bhunú, a fhoilsiú, a chothabháil agus a athbhreithniú. |
| 3.3 | Ról na Comhairle a fhorbairt mar údarás ainmnithe d'aitheantas ar cháilíochtaí a bronnadh san AE, agus mar údarás cumasach chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a bronnadh lasmuigh den AE. | Reachtaíocht ábhartha an AE a chomhlíonadh.<br><br>Dul i dteagmháil le Comhairle Múinteoireachta Ginearálta Thuaisceart Éireann agus le húdaráis i ndlínsí eile chun an cleachtas is fearr a fhorbairt maidir le cáilíochtaí agus malartuithe múinteoirí. |
| 3.4 | Nósanna imeachta agus critéir a bhunú do phromhadh múinteoirí, a leanfaidh dáta tosaithe an ailt ábhartha d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. | Dul i gcomhairle leis an Aire agus polasaithe a dhréachtadh agus a chur faoina b(h)ráid de réir mar is cuí. |
| 3.5 | Clár Múinteoirí, a bheidh mar fhoinse údarásach eolais orthu siúd atá cláraithe don mhúinteoireacht ag an gcéad agus an dara leibhéal (breis oideachas san áireamh), a chothabháil agus a fhorbairt. | Próiseas éifeachtach cláraithe agus athnuachana clárúcháin a bhainistiú.<br><br>Córais a bhunú lena dheimhniú go mbíonn an t-eolas ar an gClár slán, cruinn, suas chuig dáta agus go mbíonn fáil air de réir mar is gá.<br><br>Tús a chur leis an bpróiseas ar chreidiúnú a fháil ar ISO 270001 do chórais bainistíochta slándála faisnéise. |
| 3.6 | Comhairle a chur ar fáil don Aire ar ghnóthaí a bhaineann leis an mhúinteoireacht. | Eolas staitistiúil a sholáthar ón gClár chun comhairle a chur ar an Aire faoi ghnóthaí ar nós soláthar múinteoirí agus nithe eile de réir mar is gá. |

# Sprioc 4

Eagraíocht éifeachtach agus éifeactúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle Múinteoireachta.

| | Cuspóir | Straitéis |
|---|---|---|
| 4.1 | Struchtúir agus córais chuí agus éifeachtacha a chothabháil don Chomhairle agus leanúint lena bhforbairt mar a réitíonn le barrchleachtas Rialtais Chorporáideach. | Struchtúr éifeachtach coiste a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar seo chun éifeachtacht leanúnach an struchtúir a dheimhniú de réir mar a bhíonn cuspóirí na Comhairle á gcur i gcrích.<br>Sár-chórais bainsitíochta agus cumarsáide a fhorbairt agus iad seo a athbhreithniú go rialta ionas go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní.<br>Ionduchtú a chur ar fáil do bhaill nua na Comhairle, ar a n-áirítear a ról mar Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin, agus eolas a chur ar fáil dóibh faoi na róil agus na freagrachtaí atá ar bhaill na Comhairle agus ar fhoireann na Comhairle.<br>Teagmháil breise a dhéanamh le Comhairlí Múinteoireachta eile chun foghlaim óna dtaithí siúd.<br>Úsáid breise na teicneolaíochta don chumarsáid a chur chun cinn i measc ball na Comhairle. |
| 4.2 | An buiséad a bhainistiú agus cloí leis na leibhéil is airde ionracais i ngach gné den rialachas. | Comhlíonadh ar smachtú agus ar chleachtais airgeadais a dheimhniú.<br>Na Cóid Iompair don Chomhairle agus don Fhoireann a athbhreithniú go rialta agus a chur i bhfeidhm. |
| 4.3 | Córais éifeachtacha ar acmhainní daonna a bhunú chun tacú le hobair na Comhairle. | Foireann den scoth a earcú a bhfuil na scileanna agus an taithí is gá acu ionas go mbeidh ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil.<br>Polasaí traenála agus forbartha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.<br>Bheith chun tosaigh sa mheasúnú ar riachtanais foirne a bheidh le teacht. |
| 4.4 | Caidrimh éifeachtacha a bhunú agua a chothabháil leis na páirtithe leasmhara. | Clár pleanáilte leanúnach cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>Cruinnithe a reachtáil go rialta leis na páirtithe leasmhara chun cuidiú le comhthuiscint a bhunú agus le bolscaireacht a dhéanamh ar obair na Comhairle. |
| 4.5 | Bainistíocht a dhéanamh ar thoghacháin agus ar ainmniúcháin don Chomhairle Mhúinteoireachta. | Struchtúir a chruthú do thoghacháin agus d'ainmniúcháin na Comhairle Múinteoireachta. |

# Aguisín

## Struchtúr na gCoistí

### COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Is é cuspóir an Choiste Feidhmiúcháin ná éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnóthaí na Comhairle a reachtáil idir chruinnithe ginearálta na Comhairle.

### COISTE IMSCRÚDÚCHÁIN

Nuair a shíltear é a bheith cuí a leithéid a dhéanamh, déanfaidh an coiste seo iniúchadh ar ghearán a déantar i gcoinne múinteoir cláraithe.

### COISTE ARAÍONACHTA

De réir mar is cuí, déanfaidh an coiste seo imscrúdú éisteachta ar ghearán a chuireann an Coiste Imscrúdúcháin faoina bhráid.

### COISTE CLÁRÚCHÁIN

Tá an Coiste Clárúcháin freagrach as na cáilíochtaí a athbhreithniú dóibh siúd a chuireann iarratais isteach ar chlárúchán mar mhúinteoirí.

### COISTE AIRGEADAIS

Bíonn léirthuiscint ag an gcoiste seo ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle ina measc ullmhúchán an bhuiséid bliaintúil, monatóireacht ar chaiteachas agus athbhreithniú ar tháillí clárúcháin agus eile.

### COISTE OIDEACHAIS

Tá freagracht ag an gcoiste seo ar chumarsáid na Comhairle, ar na feidhmeanna oideachais agus taighde agus cuireann an coiste moltaí sna réimsí oibre seo faoi bhráid na Comhairle.

### COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, ar smachtaí airgeadais agus ar nósanna imeachta na Comhairle lena dheimhniú go mbíonn siad ag feidhmiú ar bhealach ordúil agus éifeachtúil.